2026/2362

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2362 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1), 41(2), 42(4) agus 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, le tacaíocht ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2024/890 ón gComhairle [1], lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 [2] lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, méadaíodh uasteorainn airgeadais na Saoráide Eorpaí Síochána faoi EUR 5 000 milliún (i bpraghsanna reatha) tiomnaithe do leanúint d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais Fhórsaí Armtha na hÚcráine trí thacaíocht a thabhairt chun tacaíocht mhíleata agus oiliúint mhíleata mharfach agus neamh-mharfach araon a sholáthar ('Ciste Cúnaimh don Úcráin', mar a thugtar air). Rinneadh na huasteorainneacha bliantúla le haghaidh gealltanas a bunaíodh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle a oiriúnú le Cinneadh (CBES) 2024/890 chun go bhféadfaí an Ciste Cúnaimh don Úcráin a shlógadh faoi cheann 3 bliana, ó 2025 go 2027.

(2) I bhfianaise an chomhaontaithe pholaitiúil ar tháinig an Coiste Polaitiúil agus Slándála air an 25 Meán Fómhair 2026 maidir le cistí na Saoráide Eorpaí Síochána atá ar fáil don Úcráin a shlógadh, lena n-áirítear faoin gCiste Cúnaimh don Úcráin, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar dháileadh na n-uasteorainneacha bliantúla le haghaidh ghealltanais Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/509 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach teideal, a léifear mar a leanas:

'*Airteagal 2*

Uasteorainn airgeadais';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

'*IARSCRÍBHINN I*

UASTEORAINNEACHA AIRGEADAIS BLIANTÚLA

Údarófar na leithreasuithe bliantúla laistigh de theorainneacha na méideanna seo a leanas, gan dochar d'Airteagal 17(3) agus (3a) agus faoi réir Airteagal 73(2) agus (10):

Praghsanna reatha, i milliúin euro

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Praghsanna reatha	399	591	971	2 082	1 644	5 079	6 274'.

[1] Cinneadh (CBES) 2024/890 ón gComhairle an 18 Márta 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána (IO L, 2024/890, 19.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/890/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON